Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc ghearr faoi Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Sula bhféachann tú ar an mír, féach thusa agus an duine in aice leat ar an sliocht thíos atá bunaithe ar chuntas a scríobhadh faoin amharclann ar an suíomh Gréasáin Vicipéid. An dtuigeann sibh na focail a bhfuil líne fúthu?

An Taibhdhearc
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
National Irish Language Theatre

Is í Taibhdhearc na Gaillimhe (nó 'an Taibhdhearc' mar is fearr aithne uirthi) Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. I 1927, thoiligh an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, deontas a thabhairt chun go mbunófaí an amharclann an chéad lá riamh. Bunaíodh i nGaillimh sa bhliain 1929 í, agus tá sí suite ar an tSráid Láir i gcathair na Gaillimhe ó shin i leith.

Tagann an focal 'taibhdhearc' ó Leabhar Ard Mhacha, ón naoú haois. Comhfhocal atá ann: 'taibhsiúil' a chiallaíonn 'draíochtúil' agus 'dearc' a chiallaíonn 'radharc'. Maítear freisin gur úsáideadh an focal i ngluais i seancháipéis Laidine a scríobhadh in Éirinn, ag tagairt do 'teatram' (amharclann).

Ba é Micheál Mac Liammóir céad stiúrthóir na hamharclainne agus is iomaí léiritheoir agus aisteoir mór le rá a thosaigh amach sa Taibhdhearc, leithéidí Siobhán McKenna, Mick Lally, Frank Dermody, Walter Macken agus Caitlín Maude.

Mar aon le nuadhrámaíocht na Gaeilge, léirítear drámaí a aistrítear go Gaeilge ó go leor teangacha eile sa Taibhdhearc, chomh maith le ceoldrámaí agus geamaireachtaí.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo a leanas:

- *renewal*
- *artistic director*
- *lack of funding*
- *in co-operation with*
- *decrease*

Féach ar an mír den chéad uair anois le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoi ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 **A**. Ag obair leis an duine in aice leat, féachaigí ar na focail seo a bhí sa mhír agus cuirigí sna boscaí cuí sa tábla thíos iad. Féachaigí san fhoclóir más gá.

socrú, bord, amharclann, athnuachan, teicneoir, mí, bliain, buiséad, fochoiste

Ainmfhocail bhaininscneacha	**Ainmfhocail fhirinscneacha**

B. Anois, féachaigí ar na pointí seo, a chuideodh le duine inscne an ainmfhocail a aimsiú. Cuirigí na pointí sna boscaí cuí thíos agus tugaigí samplaí breise i ngach cás.

- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -lann: *bialann*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eog agus -óg: *bábóg*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -íocht agus -aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *filíocht*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *smacht*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir, -í, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *tiománaí*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht agus –acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *tábhacht*
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -ín: *dreoilín*

Ainmfhocail bhaininscneacha	**Ainmfhocail fhirinscneacha**

Ceist 5 ‘…***ceal*** *maoinithe*…’

Cad is brí leis na nathanna cainte thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- ceal céille
- cuir ar ceal
- dul ar ceal
- dul thar ceal le rud

Ceist 6 Is minic a mheasctar brí na bhfocal ‘tionscal’, ‘togra’, ‘tionscadal’ agus ‘tionscnamh’. Cuir in abairtí na focail sin lena mbrí a léiriú.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag léamh an tsleachta sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Bí cinnte go bhfuil na focail agus na frásaí thíos ar eolas acu.

- mar is fearr aithne uirthi – *as it's / she's better known*
- thoiligh – *consented, agreed*
- ó shin i leith – *from that time forth*
- gluais – *glossary*
- stiúrthóir – *director*
- léiritheoir – *producer*
- mar aon le – *as well as*
- geamaireachtaí – *pantomimes*

Ceist 2
Pléigh na focail seo leis an rang sula bhféachann sibh ar an mír.
- *renewal* – athnuachan
- *artistic director* – stiúrthóir ealaíne
- *lack of funding* – ceal maoinithe
- *in co-operation with* – i gcomhar le
- *decrease* – laghdú

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

A

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**
amharclann *athnuachan* *mí* *bliain*	*socrú* *bord* *teicneoir* *buiséad* *fochoiste*

B

Focail bhaininscneacha	**Focail fhirinscneacha**
- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -lann: *bialann, amharclann* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eog agus -óg: *bábóg, fuinneog* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -íocht agus -aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *filíocht, bainistíocht* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht agus -acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *tábhacht, feasacht*	- Ainmfhocail a chríochnaíonn le -eacht nó -acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *smacht, fuacht* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir, -í, -aí agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *tiománaí, teicneoir* - Ainmfhocail a chríochnaíonn le -ín: *dreoilín, cailín*

Ceist 5
- ceal céille – *lack of sense*
- cuir ar ceal – *cancel, rescind*
- dul ar ceal – *to disappear*
- dul thar ceal le rud – *to go too far with something*

Ceist 6
tionscal – *industry*
togra – *proposal*
tionscadal – *project*
tionscnamh – *initiative*

Eimear Ní Chonaola

Bhuel, tá sé socraithe ag Bord na Taibhdheirce, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, nach mbeifear ag déanamh athnuachan ar chonradh Stiúrthóir Ealaíne na hamharclainne ceal maoinithe. An Bord féin, i gcomhar le fochoiste ealaíne na hamharclainne, a bheas i mbun na ndualgas[1] sin feasta.

Triúr oibrithe buana[2] atá ag obair sa Taibhdhearc faoi láthair: bainisteoir, stiúrthóir ealaíne agus teicneoir. Tá deireadh ag teacht leis na conarthaí seo ag deireadh na míosa. Dúirt Cathaoirleach an Bhoird, Seán Forde, go bhfuil laghdú €20,000 tagtha ar bhuiséad na hamharclainne i mbliana ó €333,000 go €313,000. Dúirt sé gurb é an Bord, i gcomhar leis an bhfochoiste ealaíne, a bheas ag roghnú thograí ealaíne na hamharclainne as seo amach.

[1] *na dualgaisí* a deirtear
[2] *triúr oibrí buan* a deirtear